

02/09/2020

A Phríomhoide, a chara,

Tá sé geallta ag Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS) go dtabharfaimid tacaíocht do scoileanna agus do theaghlaigh agus do na daltaí uile atá ag filleadh ar an scoil, agus ag seo a leanas achoimre ar an gcur chuige atá againn chuige sin. *(Tá físeán gairid ceangailte leis seo ina bhfuil breac-chuntas ar an gcur chuige seo ar fáil).*

Mar is eol duit, tá trí shnáithe idirnasctha i TESS, An Scéim Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail (HSCL), an Clár Críochnaithe Scoile (SCP) agus an tSeirbhís Leasa Oideachais (EWS), a oibríonn i gcomhar le scoileanna, teaghlaigh agus seirbhísí ábhartha eile chun an tinreamh, rannpháirtíocht agus rátaí coinneála sa scoil a chur chun cinn, agus chun tacú leo.

Cé go soláthraíonn an SCP agus an HSCL tacaíocht spriocdhírthe do na daltaí agus na tuismitheoirí sin a bhfuil deacrachtaí acu maidir leis an tinreamh, an rannpháirtíocht nó an coinneáil scoile, is ar an tinreamh ar scoil atá an EWS dírithe, go príomha. San fhómhar i mbliana, áfach, agus na príomhoidí agus na scoileanna ag tabhairt aghaidh do na dúshláin iliomadúla a bhaineann le Covid-19, beidh na snáithe go léir de TESS ar fáil chun tacú le haon leanbh/teaghlach a bhfuil deacrachtaí acu teacht ar ais ar scoil, agus chun teagmháil a dhéanamh leo.

Tá a fhios againn go mbeidh tacaíocht ag teastáil ó dhaltaí/teaghlaigh ag an am seo nach raibh tacaíocht de dhíth orthu ó TESS riamh go dtí seo chun cinnte a dhéanamh de go mbeidh gach rud go breá agus iad ag dul ar ais ar scoil. Agus ar mhaithe le go dtarlófar amhlaidh, táimid ag iarraidh ar gach aon duine ó fhoireann an HSCL, an SCP agus an EWS a aird a dhíriú ar thacaíocht a thabhairt do lucht na scoileanna le linn Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair, agus iad ag dul ar ais ar scoil. I rith an thréimhse 2 mhí atá amach romhainn, beimid ag iarraidh ar fhoireann TESS tosaíocht a thabhairt don ghné seo den obair chun tacú leis an bpobal scoile agus iad ag dul ar ais ar scoil.

I scoileanna ina bhfuil an HSCL agus/nó an SCP ag feidhmiú, díreoidh na baill foirne seo ar aon daltaí agus a dteaghlaigh a bhfuil tacaíocht bhreise ag teastáil uathu chun filleadh ar an scoil. Sa chás nach bhfuil an HSCL agus/nó an SCP ar fáil don scoil, beidh EWOanna ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do na scoileanna agus do na teaghlaigh araon. Chun cuidiú leis an iarracht chomhoibritheach seo tá sé riachtanach go nglacfar le cur chuige uile-scoile chun tacú le gach aon dalta chun dul ar ais ar scoil sula ndéanfar aon iarraidh ar idirghabháil ón EWO.

Beidh TESS ag iarraidh ar gach uile scoil tuairisceán scoile aon-uair um 'Covid' a chomhlánú ag deireadh mhí Mheán Fómhair nuair a bheidh 20 lá scoile críochnaithe ag na scoileanna. Mar gheall ar an tuairisceán seo, beifear in ann déanamh amach cé hiad na daltaí sin nár tháinig ar ais ar scoil in ainneoin gach uile iarracht a bheith déanta ag foireann na scoile chun é sin a éascú.

Chomh luath agus atá na tuairisceáin seo curtha isteach ag na scoileanna, bainfidh na trí shnáithe de TESS úsáid as a gcuid acmhainní go léir chun teagmháil a dhéanamh leis na daltaí sin atá sainaitheanta ag na scoileanna mar daoine nár tháinig ar ais. D'fhonn teagmháil a dhéanamh le gach uile scoil i ngach cearn den tír, tá TESS ag glacadh leis an gcur chuige seo a leanas:

- Leanfaidh foireann an HSCL ar aghaidh ag díriú ar na DEIS scoileanna
- Leanfaidh foireann an SCP ag díriú ar na scoileanna DEIS agus neamh-DEIS atá sa bheart scoileanna atá sannta do na baill foirne éagsúla.
- Beidh foireann an EWS ag díriú ar na DEIS scoileanna agus ar na scoileanna nach DEIS scoileanna iad araon nach bhfuil tacaíochtaí HSCL ná SCP ar fáil acu. Táthar chun foireann ó rannáin eile de chuid TUSLA a athshannadh chun cuidiú a thabhairt don fhoireann EWS ar bhonn sealadach.

Táimid ag tnúth le bheith ag obair leat féin agus le do chomhghleacaithe ionas gur féidir linn cinnte a dhéanamh de, muidne go léir i dteannta le chéile, go dtacaítear le gach uile dhaltá chun filleadh ar an scoil. Má tá aon cheist agat nó más féidir le TESS aon chúnamh breise a thabhairt duit, téigh i dteagmháil le duine dár bhfoireann. Chun tuilleadh eolais a fháil agus chun rochtain a fháil ar shonraí teagmhála i ndáil le do cheantar féin, téigh go dtí [www.tusla.ie/tess/covid19-provision/](http://www.tusla.ie/tess/covid19-provision/).

Is mise, le meas,



Noel Kelly,  
Stiúrthóir, TESS

**Educational Welfare Service**  
**Every School Day Counts**